Tiṫe Ósta Gaeltarra Éireann

Ḃí mórán rudaí le rá ag Cormac Ó Breisleáin, T.D., Leas Ceann Comairle, agus é ag caint le Cumann Ḟianna Fáil i mBaile na Finne ar na mallaiḃ. Tá Gaeltarra Éireann ċun roint tiṫe ósta de ṁeán ṁéid a ṫógáil i gceantar Gaeltaċta naċ bfuil ionaid lóistín ar biṫ le fáil ionta, adúirt sé.

D'ḟógair sé fosta go bfuil scéim na dtiṫe gloine á leaṫnú go dtí gaċ ceanntar Gaeltaċta agus go mbeaḋ ḋá dtrian de ċostas na dtiṫe sin le fáil mar deontas. D'ḟógair an tUasal Ó Bléine é seo i bfanáid an tseaċtain roiṁe seo.

Is cosúil go bfuil muintir Ḟianna Fáil rud beag imníoċ fá ċúrsaí na Gaeltaċta agus go bfuil an t-ordú ann anois a mór a ḋéanaṁ den méid atá molta insan Páipéar Bán. Níor dubraḋ cén áit a raḃ na tiṫe ósta seo le tógáil aċ dúraḋ go mbeaḋ foireann na dtiṫe ósta seo ḋá ṫeangṫaċ. Go mbeaḋ Gaeilge acu le gnóṫaí a ḋéanaṁ eadarṫa féin agus cúrsaí na dtiṫe a stiúraḋ aċ Béarla le labairt le cuairteoirí. Is ciallṁar an rud é seo cinnte go leor. Ní h-é i gcás turasóireaċt sa Ġaeltaċt naċ mbeaḋ ag luċt na dtiṫe ósta aċ Gaeilge, aċ gur ċeart go mbeaḋ gnáṫ obair na dtiṫe seo tré Ġaeilge agus gurḃ é Gaeilge aṁáin a labarfaḋ freastalaiṫe ⁊ luċt riarṫasan tí ósta eatarṫa féin. Aċ go mbeaḋ siad réiḋ le Béarla a labairt le cuairteoirí, aċ ṁeas mé cé nár ḋúirt mé seo, go mbeaḋ sé an tábaċtaċ go mbeaḋ siad ábalta teangaċa Eorpaċa nó ceann nó ḋó ar a laġad a labairt le cuairteoirí ón Eoraip agus níor ṁiste iarraċt a ḋéanaṁ idir Bord Fáilte agus Gaeltarra Éireann le cuairteoirí ón Eoraip a tarraingt ċun na dtiṫe ósta seo mar ċuideóḋ sé le céim na Gaeilge a neartú agus taisbeáint do ṗobal na Gaeltaċta naċ ionann doṁain an Béarla agus an doṁain mór go léir.

Béal a' Daingean

Ba ċeart i gcónaí páistí a raiḃ aṁras go ndearna siar cóir, a agallaiṁ i láṫair a gcuid tuismiṫeoirí agus níor ċeart do na gárdaí labairt leis na páistí iad féin, adúirt B. Ó hAilín, Aturnae, ag Cúirt Doire Niaiḋ, Casla, an tseaċtain seo caite. Muna ndéantaí seo, adúirt sé, d'ḟéadfaí scannraḋ a ċur ar na malraí agus go n-adṁóḋ siad coir naċ raiḃ déanta acu. Ḃí an tUasal Ó hAilín ag cosaint beirt gasúir ó Aiḃnín, Béal an Daingean de aois 11 agus 14. ⁊ cúisíoḋ iad gur leag siad go mailíseaċ, boṫán ar capaillín a ḃí le searraċ, agus gur ḋein siad damáiste £80 ar oíċe an 24ú Deire Fómair. Ba le Miċeál Mac Donnċa, Aiḃníní, an capaillín, agus ḃris an capaillín a ḋruim agus b'éigin a ṁarú. Ċuir an tUasal Ó hAilín i gcoinniḃ glacaḋ leis an ḋá ráiteas scríofa a ṫóg an Gárda P. de Búrca Leitir Mór, ónn mbeirt deartáir. Dúirt an tUasal Ó hAilín gur tugaḋ an ḃeirt gasúr taoḃ amuiġ den teaċ agus go bfuair an Sáirsint adṁála uaṫa ansin. Taréis na hadṁála a fáil uaṫa, ġlac sé na ráiteasaí scríofa i láṫair a gcuid tuismiṫeoirí. Dúirt an tUasal Ó hAilín naċ dtiocfaḋ leis na páistí an méid sin a rinneaḋ a ḋéanaṁ go mailíseaċ. Ḃí na giniṫe uilig ar aon intinn naċ raiḃ droċ ċroí ar biṫ idir an ḋá ṫeaġlaċ. Ṫárla an damáiste de ṫaisme. Ċuaiġ na deartáraċa suas ar an boṫán, agus ṫit sé. Rialaiġ an Giúistís T. G. de Búrca i gcoinniḃ an Uasal Ó hAilín, fán ráiteas aċ, ar an ṗointe eile. Dúirt sé, "Tá mé a' maċnaṁ ar an rud adúirt tú, agus cuirfiḋ mé an cás siar ar feaḋ míosa, le smaoineaṁ faoi."

Drámaíoċt i nGaillim

Ṫosnaiġ Féile Drámaíoċta an Iarṫair ar an 25ú Feabra agus lean sé go dtí oíċe Ḋomnaiġ an 28ú nuair a d'ġógair na moltóirí na duaiseoirí. Ḃí 25 drámaí ó scoileanna náisiúnta, gairm-scoileanna agus meánscoileanna, léiriú ag an Ḟéile. B'é Eoin Ó Tuairisc, an scríḃneoir drámaí, an moltóir. Ḃí na léiriṫe 2.30 sa lá, agus na léiriṫe oíċe ar a 8 a' ċlog. Ḃí díogras mór ar na h-ógánaiṫe ṫart timpeall na Gaillime agus ar na daoine fásta, faoi an ḟéile drámaíoċta seo, agus ċom fada agus is féidir ḟeiscint, ḃí an freastal níos fearr i mbliana ná ḃí go fóill.

Baile Cláir na Gaillime

Seo iad leanas an toraḋ com-órtais treaḃadóireaċta ag Baile Ċlár na Gaillime: Aicme 1, capall sinsear: 1, T. Ó Raġallaiġ, Cluan; 2, M. S. Ó Flaṫarta, Mullaċ Corra; 3, Mtr. Ford, Caṫair Gaḃann. Aicme 2, capall sóisear: 1, Peadar Ó Coiliġ, Mullaċ Cotra, a ḃuaiġ Corn an Canónaċ Ó Déiġ; 2, B. Cualtar, Bán Mór. Aicme 3, capall mionúr: 1, S. Ó Faṫaiġ, Gleann Riaḃaċ; 2, Seoirse Ó Coiliġ, Mullaċ Cotra. Aicme 4, tarracaire—1, P. Ó Stiofán, Corrón; 2, S. de Búrca, Sliaḃ Fionn; 3, P. Ó Grialais.

Ceapaċ na bFiaċ

San am i láṫair tá aṫ-ċóiriú á ḋéanaṁ ar Ceapaċ na bFiaċ. Le linn an aṫ-ċóiriṫe, a pleanáil Bord Fáilte, tá dealḃ Pádraic Uí Ċonaire, tógṫa anuas den bun ċloiċ, insan Ċeapaċ, áit a raiḃ sé le blianta fada. Nuair a ḃéas an scéim aṫ-ċóiriṫe, atá ag cosaint £40,000 críoċnaiṫe, cuirfear an dealḃ arais insan páirc, aċ sé Bord Fáilte a ṡocróiḋ cé'n áit is fearr a ḟeilfiḋ dó. Táṫar ag leagan an dúṡraiṫe den balla íseal cloċ a ḃéas ṫart timpeall na páirce, in ionad rálaċa a ḃíoḋ ann.

Údaráis Turasóireaċta

Sa Dáil, ag freagairt ceiste ó T. Ó Domnaill, T.D., dúirt an tUasal Childers, Aire Iompair agus Cuṁaċta, gur Cuideaċtain Poiblí a ḃí ins na hEagrais Réagúnaċ Turasóireaċta, le cuspóir ginearálta, forbairt a ḋéanaṁ ar turasóireaċt ins na réogúin ar leiṫ. Ḃí údarás acu páirt a ġlacaḋ in imeaċtaí laeṫana, ag spreagaḋ agus cur ċun cinn tráċt turasóireaċta. Ṫiocfaḋ a bpríoṁ ioncum ó ṡíntiúisí óna hÚdaráisí Áitiúla, agus ḃéarfaiḋ Bord Fáilte, cabair airgeadais do na cuideaċtain ins na céad blianta. Ḃeiṫí ag súil go gcuirfeaḋ siad ar fáil oifigí eolais, agus córas áiriṫint seomraí, agus liostaí de lóistín tí cónaí, agus tíṫe feirme, foilseaċán ar turasanna ar leiṫ, agus eolas poiblí eile, lios-táil ar taiṫneaṁaċtaí, breis comairlí bóṫair agus comordniú ar eagrais turasóireaċta eile. Suirḃé ar aiseanna turasóireaċta ins na réagúin agus ullṁú plean forbairte turasóireaċta.

Treasna an Ċúirtín

Easbag ar a Ṡeacnaḋ

Is Iontaċ Obair na Sagart Rúnda

—ó'n tSecslóḃac.

Ḃí an ḟealsúnaċt críoċnaiṫe agam, agus mé bliain ag gaḃáil den Diaċt. Ċuir na hárda a raiḃ mé ag tarraingt orṫa iontas agus allṫaċt ar mó intinn. Aċ, ṫaitn saol na Mainistreaċ liom. Ḃí na gnáċ íobairtí beaga le déanaṁ agam, agus na gnáċ crosanna le h-iompar, aċ ḃí ḟios agam go ndéarna mé an roġa ceart. Ḃí ḟios agam go bfuair mé mo Ġairm.

Ag uair an ṁeánoíċe ṫáinig na Péas isteaċ insan Seminary. Ċruinniġ siad muid agus ḃrúiġ siad muid isteaċ ins na busanna a ḃí ag fanaċt. Ní raiḃ ḟios againn cá raiḃ ár dtriall.

Ag an ḃomaite sin, ṡíl mé go raiḃ deireaḋ go bráṫ le mian mo ṡaoil; go raiḃ an aiḋm a ḃí roṁam, a ḃeiṫ in mo ṡagart, millte go deo. Rinne mé íobairtí go leor fá ċoinne an ċuspóra seo, agus anois ní raiḃ sé ró-ḟada ar siúl. Aċ, indiaiḋ ar ċuala muid, agus an cleaċtaḋ a ḃí againn féin, ní raiḃ ḟios againn cé acu ḃí muid le cur ċun báis, nó le cur go Siberia. Aċ, cibé ar biṫ, ṁeas muid go raiḃ deireaḋ le seans ar biṫ a ḃeiṫ againn Ord Beannaí a ġlacaḋ. Aċ, ṫáinig sólas ċugam as focla an Tiomna Naofa — naċ raiḃ ḟios agaiḃ go raiḃ ag Críost leis na rudaí seo go léir a ġulaingt sa dóiġ a dtiocfaiḋ leis dul isteaċ ina Ġlóir. Go tobann, mar a ḃeaḋ fís ann, noċtaíoḋ rún na Croise dom le loinnir nua. Rúndiaṁar a raiḃ sé de ṗribléid againn tuigbeáil níos doiṁne a ḃaint as, in-san Ċampa Géiḃinn.

Ḃí 700 againn, sagairt, mánaiġ, agus micléinn insan aon ċampa aṁáin. Na sagairt a ba ṁeasa a ḃí leis ar tús. Ní ṫiocfaiḋ leo na Sacraimintí a ṫabairt nó obair paráiste a ḋéanaṁ. Aċ ní raiḃ sé ró ḟada gur ṫuig muid uilig gur seaḃóntaí an aon árd-ṡagairt sinn, a d'ofráil suas a Aifreann ar ċroiċ Ċalḃaraí agus a ṡlánaiġ an doṁan.

As seo a ṫuigeamar ár ngairm ċeart. Rinneaḋ Flaiṫeas de Ifreann an ċampa dúinn. Ṫuig muid nárḃ é príoṁ gnó na hEaglaise seanmóireaċt, ná teagasc scoile ná tógáil séipéal, ná dul ċun cinn sa tsaol, aḃ i bfulaingt. Nó anois ḟéin, sé toil an Tiarna fulaingt ina Ċorp Misticeaċ féin leis an doṁan a ṡlánú.

Nuair a ligeaḋ amaċ as an campa géiḃeinn mé, lorg mé an ċaoi le Ord Beannaí a ġlacaḋ. Ní raiḃ seo furasta, nó ḃí na hEaspaig uilig i bPríosún, nó fá ċoinneáil dian ag a gcuid cónaiṫe féin. Indiaiḋ cuartú fada, d'éiriġ liom sa deireaḋ Ord Beannaí a ġlacaḋ in Ospidéal. Ḃí an t-oirdniú go h-an lom agus simplí.

Dá leanfainn liom i ngnáċ Seminary, ṫiocfaḋ grásta na Sagartaċta ċugam go mall aċ go cinnte, taréis blianta fada staidéir agus ullṁúċáin, ionann agus go mbeaḋ ceart agam dó, aċ anois, nuair a fuair mé an t-oirdniú insan dóiġ seo naċ dtiocfaḋ leis an intinn daonna a ḃeiṫ ag smaoineaḋ air ar ċor ar biṫ, ḃí cineál de ṁoṫú agam nár ṫuill mé an grása seo ċor ar biṫ. Agus ḃí an smaoineaṁ in mo ċroí ionann agus nárḃ é an tEaspag a leag láṁ orm ċor ar biṫ, aċ Dia é féin, a leag a láiṁ orm.

Indiaiḋ mé oirdniú ċun mé sreangscéal. "D'éiriġ leis an obráid. Ṫig cuairt a ṫabairt ar an oṫar." Ba é seo an comarṫa a ṡocraíomar, go dtiocfaiḋ le iarraṫóirí eile don sagartaċt teaċt fosta. Ba é an ċéad obair a ḃí agam-sa, eagrú a ḋéanaṁ ar oirdniú eile insan ospidéal, agus níos moille ná sin ins na sléiḃte, nó i dteaċ cónaí príoṁáideaċ ag teaġlaiġ a raiḃ muinín againn astu.

Ní raiḃ ann aċ cúpla mí na ḋiaiḋ sin, nuair a fágaḋ ualaċ trom, cúram Easpaig, ar mo ġuailneaċa. Aċ, ċaḃraiġ Dia liom i gcónaí ó ṡin. Raċaḋ sé fá'n ċroí agat na h-iarraṫóirí a ḟeiceáil a' teaċt ó ċéin agus comgar. Oibríṫe lena láṁa, oibríṫe fir a ḃí ionntu go léir, nó ḃíoṫar indiaiḋ luċt léinn Caitliceaċ a ḋíbirt go dtí na monarcain, agus mar oibríṫe ansin, ḃain siad úsáid as an am le iad ḟéin a ullṁú, tré staidéar príoṁáideaċ, fá ċoinne na Sagartaċta.

Nuair a ċuir mé an Ola Beannaiṫe ar a gcuid láṁa socaċaċ ċonaic mé glóir Dé ar lasaḋ ina súile, agus an toil a ḃí acu bás ḟáil ar son Dé. Indiaiḋ oirdniú, ba ṁinic adúirt mé leo — A Ḃráiṫre Ionṁuine, céard é seo ḋíḃ. Caiṫfiḋ siḃ dul arais go dtí ḃur gcuid monarcan agus dul i gcionn obair ċrua arís. Aċ, ón ḃomaite seo, tá ola Dé ar ḃur láṁa. Láṁa sagairt isea iad. Fiú aṁáin muna dtug liḃ a ċoíċe, ḋul suas ar Altóir Dé, is é ḃur gcuid oibre —obair na Sagart.

Ċuala mé go minic fir ṗósta ag rá: "Tá Sagairt ag teastáil ón Eaglais. Tá na Sagairt Oifigiúla Ordnaiṫe i bpríosún, nó coscṫa ó obair paráiste nó faoi ḟárda trom; tá muidne ullaṁ lena n-áit a ġlacaḋ; tá muid ullaṁ len ár mbeaṫa a ċaiṫeaṁ le féin-ṁóirtniú. Céard tá le déanaṁ againn?"

In aineoin na deacraċtaí rómór, do-ċreidte, ní raiḃ ariaṁ oiread iarraṫóirí fá ċoinne sagart agus atá san am i láṫair. Indiaiḋ an oirdniú, tarraingíonn siad grása Dia agus cráifeaċt Ċríost isteaċ sa ċomarsanaċt ina bfuil siad ag obair. Gan ligint orṫa gur sagairt iad, teagascaíonn siad a gcomrádaiṫe lena sompla ċoṁ maiṫ lena gcaint, ós rud é naċ bfuil cead ag na sagairt paráiste an obair seo a ḋéanaṁ.

Is íontaċ an áṫas croí a ḃeiṫ de ṗribléid againn obair Dé a ḋéanaṁ faoi na coinníollaċa seo. Is sólás é a ḟeiceáil an méid teaġlaiġ a ġlacas an seans ar milleaḋ agus pianpáis agus bás, ar son caḃrú leis an Aspalaċt Rúnda seo. Bogann sé an croí i nduine. Aṫair teaġlaí a ċluinstin a rá indiaiḋ Aifreann Dé, i gcistineaċ nó i ndíonseomra: "Seo an lá is áilne a ḃí ag ár dteaġlaċ ariaṁ, nó ḃí Íosa Críost É Féin mar Aoi againn."

Ní ṫig liom níos mó a scríoḃaḋ anois. Tá mé a 'súil le tuilleaḋ a scríoḃaḋ ḋíḃ ar ball. Tá aċaine aṁáin agam le déanaṁ, mar aṡgart, mar easpag, mar ṁac de Eaglais Ċéasta seo, tá ḃur gcaḃairt spioradálta agus corparṫa de ḋíṫ orainn.

Cuiṁniġ orainn.

Na Sagairt Rúnda

Caiṫfiḋ an Sagart Rúnda aire a ṫabairt dá ṡláinte agus dá neart. Go minic, tá a ṗáiġ oibrí ró ḃeag le seo a ḋéanaṁ. Tá airgead ag teastáil uaṫa do táillí traen agus 'bus le dul go dtí na daoine a bfuil sé, a' freastal orṫa, ar a leaṫ-lae, nó a lá saor. Tá leaḃraí agus clóscríoḃán ag teastáil uaiḋ. Go minic, bíonn airgead, nó paicéidí mar bronntanais ag teastáil, le cabair a ṫabairt nuair atá daoine in airc.

Tugann Tárṫail Eaglais an Ċúirtín Iarainn seo dó, de réir mar a ḃeir pobal Críost cabair dúinn lena ḋéanaṁ. Tá uiṁir na Sagart Rúnda ag méadú agus tá gá le cúnaṁ níos mó anois. Táṫar ag iarraiḋ ar Ċaitlicí a bfuil acṁuin acu, patrúnaċt a ḋéanaṁ ar Sagart Rúnda aṁáin. Tá Tárṫáil Eaglais an Ċúirtín Iarainn ag iarraiḋ £7 sa ṁí a ṫabairt da na Sagairt Rúnda seo.

Is féidir airgead ar biṫ, beag nó mór, fá ċoinne seo, a ċur ċuig:—

Tárrṫáil Eaglais an Cúirtín Iarainn
Na Canóin Ḃána,
Cill na Cruite,
Baile Ṡéamuis Duiḃ,
Co. Caḃáin.

Agus a rá go bfuil sé fá ċoinne na Sagairt Rúnda in Eaglais an Ċúirtín Iarainn.

Am Samraiḋ

Ṫiocfaiḋ an samraiḋ i bfeiḋm ar an 21ú lá de Ṁárta i mbliana, agus beiḋ sé i bfeiḋm ó sin go dtí an 24ú do ṁí Ḋeireaḋ Foṁair.

Fiaċa Náisiúnta

Ba é méid na fiaċa náisiúnta, nó na hiascaċta náisiúnta ar fad ar an 31ú Márta, 1964, ná £577 milliún. Sé an méid a ċosain an ús agus ais-íoc nó ciste suncála gaċ bliain anois, nó £35.6 milliún.

Naċ Maiṫ Dóiḃ

San tír uilig, ar an 29ú Eanair, 1965, ḃí 32,828 ag fáil cabair díoṁaointais agus 20,721 ag fáil dole. Aċ i gCo. Ċill Dara, ní raiḃ aċ 377 ag fáil cabair díoṁaointais, agus ní raiḃ aċ 53 ag fáil an dole. Naċ deas an comórtas é sin leis na ceantair [illegible]

Cabair d'Ḟir gan Talaṁ

Ag labairt ar an dara céim de Bille na Talún san tSeanad, dúirt an Seanadóir Mac Loinsiġ go gcaḃróḋ an Bille Nua leis na fir gan [illegible] i nGleann an Lagain a ċruṫaiġ go dtiocfaí praifid [illegible]